



An Chomhairle Eorpach

An Bhruiséil, 8 Nollaig 2023
(OR. en)

EUCO 18/23

LIMITE

CO EUR 14
INF 213
API 157

NÓTA

ó: Uachtarán na Comhairle Eorpaí
chuig: An Chomhairle Eorpach

Uimh. an doic. 13114/23; 13116/23; 13183/23
roimhe seo:

Ábhar: Rochtain phoiblí ar dhoiciméid
- Iarratas dearbhúcháin Uimh. 33/c/01/23

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn dréachtfhreagra ar iarratas dearbhúcháin Uimh. 33/c/01/23, ar fhorghuinigh an Mheitheal um Fhaisnéis d'aon toil é tar éis comhairliúchán i scríbhinn an 6 Nollaig 2023.

Moltar go ndéanfadh an Chomhairle Eorpach an méid seo a leanas trí nós imeachta i scríbhinn:

- an dréachtfhreagra, atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, a fhorghreas, agus
- cinneadh a dhéanamh torthaí na vótála, chomh maith le haon ráitis a rinneadh, a chur ar fáil don phobal.

**FREAGRA AR IARRATAS DEARBHÚCHÁIN UIMH. 33/c/1/23,
arna dhéanamh le ríomhphost an 18 Meán Fómhair 2023 agus a cláraíodh
an 21 Meán Fómhair 2023**

Bhreithnigh an Chomhairle Eorpach an t-iarratas dearbhúcháin seo faoi Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid¹ ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún agus Airteagal 10(2) dá Rialacha Nós Imeachta², a fhágann go bhfuil Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialacha Nós Imeachta³ na Comhairle infheidhme *mutatis mutandis*, agus tháinig sí ar an gconclúid seo a leanas:

1. An 18 Lúnasa 2023, chuir an tIarratasóir iarratas tosaigh isteach chuig an gComhairle Eorpach maidir le rochtain a fháil ar CM 5/23. Leis an doiciméad seo, cuirtear na toscaireachtaí ar an eolas faoi thoradh an nós imeachta i scríbhinn a seoladh chun go nglacfaidh an Chomhairle Eorpach an cinneadh toiliú a lorg ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle Eorpach lena mbunaítear comhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa. Tá ráiteas ann freisin a rinne an Phortaingéil maidir le comhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa.
2. An 11 Meán Fómhair 2023, thug Ardrúnaíocht na Comhairle⁴ freagra ar an iarratas seo thar ceann na Comhairle Eorpaí, agus chuir sí in iúl don Iarratasóir nach raibh sí in ann, in éagmais cinneadh faoi Airteagal 10(1) de Rialacha nós imeachta na Comhairle Eorpaí, rochtain a dheonú ar na doiciméid thuasluaite.

¹ IO L 145 31.5.2001, lch. 43.

² Cinneadh Uimh. 2009/882/AE ón gComhairle Eorpach, IO L 315, 2.12.2009, lch. 51 (dá ngairtear ‘Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Eorpaí’ anseo feasta).

³ Cinneadh ón gComhairle 2009/937/AE, IO L 325, 11.12.2009, lch. 35.

⁴ Cuidíonn Ardrúnaíocht na Comhairle, faoi údarás a hArdrúnaí, leis an gComhairle Eorpach agus lena hUachtarán i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Eorpaí.

3. An 18 Meán Fómhair 2023, chuir an tIarratasóir iarratas dearbhúcháin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 isteach i gcoinne an fhreagra thuas ó Ardrúnaíocht na Comhairle.
4. Rinne an Chomhairle breithniú cúramach ar an iarratas dearbhúcháin agus rinne sí measúnú ar an iarraidh ar rochtain agus na prionsabail is bun le Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 á gcur san áireamh go hiomlán, lena n-áirítear an aidhm an rochtain phoiblí is leithne is féidir a chinntiú.
5. Dá thoradh sin, bhíodhas in ann a chinneadh go bhféadfar a bhfuil in CM 5/23 a nochtadh ina iomláine.

CONCLUÍD

6. I bhfianaise an mhéid thuas, chinn an Chomhairle Eorpach rochtain iomlán a thabhairt ar CM 5/23.
-